# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2022**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)**

**Ceist 1 (14 mharc)**

(a) Múinteoir ceoil = an dara pictiúr **/7**

(b) Páirt i scannáin mhóra **/7** ***nó*** Páirt i Ros na Rún **/5**

**Ceist 2 (14 mharc)**

(a) Páras = an an tríú pictiúr **/7**

(b) Chun na radhairc a fheicéil **/7**

**Ceist 3 (8 marc)**

Ionad Sláinte = an tríú pictiúr **/8**

**Ceist 4 (8 marc)**

An bosca ag an mbarr ar dheis (tic nó saighead sa bhosca) **/8**

**Ceist 5 (16 mharc)**

(a) báisteach = an tríú phictiúr **/8**

(b) 28 céim Celsius **/8** ***nó*** 22 céim Celsius **/6**

**Ceist 6 (20 marc)**

(a) Fuair sí tatú **/10**

(b) €220 **/10**

**Ceist 7 (20 marc)**

(a) Beidh sí ag staidéar **/10**

(b) Scannán rómánsúil **/10**

**Ceist 8 (20 marc)**

(a) A chol ceathracha **/10**

(b) Uaireadóir galánta **/10**

**CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)**

**Ceist 1 Meaitseáil** **(40 marc)**

| **Uimhir an phictiúir** | **Litir** | **Ceist 1** |
|---|---|---|
| 1 | C | 1.1 **/4** |
| 2 | E | 1.2 **/4** |
| 3 | D | 1.3 **/4** |
| 4 | G | 1.4 **/4** |
| 5 | J | 1.5 **/4** |
| 6 | B | 1.6 **/4** |
| 7 | I | 1.7 **/4** |
| 8 | F | 1.8 **/4** |
| 9 | A | 1.9 **/4** |
| 10 | H | 1.10 **/4** |

An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) a chur sa bhosca ar dheis ar an ríomhaire.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a) An Litir (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 7 Meitheamh | 2a(1) | **/5** |
| 2. | Mionbhus | 2a(2) | **/5** |
| 3. | Glaoch fóin a chur | 2a(3) | **/5** |
| 4. | Ar feadh coicíse | 2a(4) | **/5** |
| 5. | Traenálaí sinsearach | 2a(5) | **/5** |

**(b) An Bróisiúr (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Saoire ag bádóireacht | 2b(1) | **/5** |
| 2. | Contae Liatroma | 2b(2) | **/5** |
| 3. | Ceangal idirlín agus *Wifi* | 2b(3) | **/5** |
| 4. | Machairí gailf den scoth | 2b(4) | **/5** |
| 5. | Fanacht te teolaí sa bhád | 2b(5) | **/5** |

**(c) An Scéal Nuachta (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Dul ag siopadóireacht | 3c(1) | **/5** |
| 2. | Ag meán lae | 3c(2) | **/5** |
| 3. | Chuir siad fios ar na gardaí | 3c(3) | **/5** |
| 4. | Scaoil siad urchair leo | 3c(4) | **/5** |
| 5. | Na déagóirí | 3c(5) | **/5** |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) An tAlt (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 1991 | 3a(1) | **/6** |
| 2. | 14 bliana d'aois | 3a(2) | **/6** |
| 3. | Co. Chill Dara | 3a(3) | **/6** |
| 4. | Ag buscail ar na sráideanna | 3a(4) | **/6** |
| 5. | Moladh mór / a lán poiblíochta | 3a(5) | **/6** |

**(b) An Giota (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Do dhéagóirí | 3b(1) | **/6** |
| 2. | I gCo Thiobraid Árann | 3b(2) | **/6** |
| 3. | Múinteoir meánscoile | 3b(3) | **/6** |
| 4. | 2020 | 3b(4) | **/6** |
| 5. | Duais | 3b(5) | **/6** |

**(c) Na Véarsaí (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Tadhg | 3c(1) | **/6** |
| 2. | Súgradh | 3c(2) | **/6** |
| 3. | Bán | 3c(3) | **/6** |
| 4. | Ar scoil | 3c(4) | **/6** |
| 5. | ar fán / i measc cat na gcomharsan | 3c(5) | **/6** |

**CUID II: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (45 marc)**

*Comhairle speisialta*

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil "ad rem"*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

**Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil**.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide (**Cum**) agus Cruinneas Gaeilge (**Cr**).

**Cumas Cumarsáide (Cum)**:

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

**Cruinneas Gaeilge (Cr)**:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
(ii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra
(iii) Litriú

**Ábhar nach bhfuil "ad rem"**:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

**Ábhar Neamhghnách**:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**Ná glac le Béarla**.

**Nóta**: Má dhéantar an dá rogha i gCeist 4 nó i gCeist 5, marcáil an dá iarracht agus bronfar an marc is airde.

**Ceist 4(a)** **Fógra (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc
Cruinneas Gaeilge = 11 marc

- Leagan Amach **/1**
- Pictiur 1 **/ 10**
- Pictiur 2 **/ 13**
- Pictiur 3 **/ 5**
- Pictiur 4 **/ 5**
- Cruinneas **/ 11**

**Cumas Cumarsáide**: Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

(i) **Leagan Amach (1 mharc)**

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal ***Fógra*** agus an marc sa bhosca) **/1**

(ii) **Treoracha**

- **Pictiúr 1 (5 + 5 = 10 marc)**
  - Cén rud a bheidh ar siúl?
  - Cén áit? (tic leis an **dá** thasc agus an marc sa bhosca) **/ 10**
- **Pictiúr 2 (4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc)**
  - Cén lá?
  - Cén dáta?
  - Cén t-am?
  - Cead isteach? (tic leis na **ceithre** thasc agus an marc sa bhosca) **/ 13**
- **Pictiúr 3 (5 mharc)**
  - Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? (tic leis an **ainm** agus an marc sa bhosca) **/ 5**
- **Pictiúr 4 (5 mharc)**
  - Cad a dhéanfar leis an airgead? (tic leis an **áit** agus an marc sa bhosca) **/ 5**
- **Cruinneas Gaeilge**
  - Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 4(a) as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-4 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Ceist 4(a)** **Fógra (45 marc)**

**Pictiúr 1** **Cén rud a bheidh ar siúl?** **5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: lá spóirt, rasaí, lúthchleasaíocht, ag rith, ag imirt spóirt, rás ...

Glac leis na freagraí seo ar 3 mharc: cluiche peile, daoine/páistí ag imirt spóirt

Glac leis an bhfreagra seo ar 1 mharc: peil

**Pictiúr 1** **Cén áit?** **5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: ainm áite ar bith i nGaeilge. Áit/ionad: *sa chlub, sa pháirc pheile, i bpáirc na scoile, páirc CLG, i bPáirc an Chríócaigh, sa scoil, I staid…*

Glac leis na freagraí seo ar 3 mharc: *sa pháirc*

Ná bronn aon mharc ar ainm áite i mBéarla.

**Pictiúr 2** **Cén lá?** **4 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: lá ar bith atá ainmnithe nó *inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn...*

Beidh pionós -1 i gceist má luaitear an Aimsir Chaite: *Dé Luain seo caite*…

**Pictiúr 2** **Cén dáta?** **3 mharc**

Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.

Samplaí: *13 Aibreán, 26 Bealtaine 2022…*

Pionós -1 i gceist i gcás figiúirí mar shampla *8/6, 16/5/2022*…

Pionós -1 i gceist má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: *Meitheamh, Meitheamh 2022*

Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *3ú (gan an mhí)*

Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 2** **Cén t-am?** **3 mharc**

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs

Samplaí: A haon déag a chlog, 11 a.m., *am lóin, 11 a.m.-2 p.m., tar éis na scoile, meán lae…*

**Pictiúr 2** **Cén cead isteach?** **3 mharc**

Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le cead isteach.

Samplaí: Táille: *€10, Deich euro mar chead isteach, Ticéad €10, Táille €10…*

Pionós -1 i gceist i gcás méid airgid leis féin nó sa chás go bhfuil an comhartha euro/airgid in easnamh.

**Pictiúr 3** **Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?** **5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí: *… ann/i láthair/ar an stáitse/sa scoil, ar an bpáirc imeartha, ag rith, sa staid, sa chlubtheach, mar aoi speisialta…*

Pionós -3 i gcás ainm lom gan aon cheangal/gan aon ionramháil.

Ná glac le hainm aon duine eile nó le hainm dhornálaí eile.

**Pictiúr 4 Cá rachaidh an t-airgead? 5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go dtí Scoil…, Halla Spóirt Nua…

Samplaí: *Ar son na scoile, Airgead ag dul go (dtí an) Halla Spóirt, Airgead: Halla Spóirt, Airgead → Hall Spóirt, ar son spóirt…*

Glac leis an iarracht seo ar 3 mharc: *Airgead go dtí an halla spóirt…*

*"Halla Spóirt"* leis féin = 0

**Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.**

**NÓ**

**4(b) Litir (45 marc)**

- o Seoladh **/2**
- o Dáta **/1**
- o Beannú **/1**
- o Críoch **/2**
- o Pictiur 1 **/ 7**
- o Pictiur 2 **/ 7**
- o Pictiur 3 **/ 7**
- o Pictiur 4 **/ 7**
- o Cruinneas **/ 11**

**Cumas Cumarsáide (34 marc) Tasc** → Litir a scríobh chuig d'aintín/uncail bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**(i) Leagan Amach (6 mharc)**

- Seoladh (tic leis an tasc agus an marc sa bhosca) **/2**
- Dáta (glac le figiúirí) (tic leis an tasc agus an marc sa bhosca) **/1**
- Beannú (tic leis an tasc agus an marc sa bhosca) **/1**
- Críoch / Slán (tic leis an tasc agus an marc sa bhosca) **/2**

**(ii) Treoracha (28 marc)**

- Pictiúr 1: **Dhá** phointe eolais (tic leis an **dá phointe** agus an marc sa bhosca) **/ 7**
- Pictiúr 2: **Dhá** phointe eolais (tic leis an **dá phointe** agus an marc sa bhosca) **/ 7**
- Pictiúr 3: **Dhá** phointe eolais (tic leis an **dá phointe** agus an marc sa bhosca) **/ 7**
- Pictiúr 4: **Dhá** phointe eolais (tic leis an **dá phointe** agus an marc sa bhosca) **/ 7**

- **Cruinneas Gaeilge**
  - o Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 4(b) Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-4 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Leagan amach:**

**Seoladh:** Caithfidh dhá chuid (1 mharc + 1 mharc) a bheith ann, as Gaeilge = **2 mharc**
Glac lena leithéid de "*Bóthar Crumlin" nó "Sráid Patrick"*
Ná glac le hainm an bhaile i mBéarla

**Dáta:** Glac le figiúirí = **1 mharc**

**Beannú:** Ainm ar bith, fiú a *chara.* = **1 mharc**

**Críoch:** Dhá chuid ag teastáil. *Slán …* agus ainm = **2 mharc**

**Pictiúr 1** Ag insint faoin bpóstaer don cheolchoirm (**dhá** phointe eolais) **4 + 3 = 7 marc**
**Samplaí:** an áit a raibh an postaer, an áit a mbeidh an cheolchoirm, pointe ar bith atá ar an bpostaer agus ionramháil déanta.

**Pictiúr 2** Ag insint faoin turas go dtí an cheolchoirm (**dhá** phointe eolais) **4 + 3 = 7 marc**
**Samplaí: traein, Luas, bus, scuaine, plódaithe, a lán daoine, turas, na daoine abhí leat, ...**

**Pictiúr 3** Ag insint faoin gceolchoirm (**dhá** phointe eolais) **4 + 3 = 7 marc**
**Samplaí:** an grúpa, atmaisféar, damhsa, ceol, ag canadh, soilse, stáitse, fón póca, lámha in airde ...

**Pictiúr 4** Ag insint faoi na rudaí a rinne tú nuair a bhí an cheolchoirm thart (**dhá** phointe eolais) **4 + 3 = 7 marc**
**Samplaí:** ag ithe, ag ól, píotsa, cóc, deoch bia, bialann, tacsaí, cairde, déanach san oíche, tuirseach ...

**Cuir tic le gach freagra ar na pointí eolais. Léirigh na marcanna.**

**Nó**

**Ceist 5(a) Cuntas (45marc)**

- o Cumarsáid **/34**
- o Cruinneas **/11**
- o Tagairt **/-12**
- o Fad **/-4**

**Cumas Cumarsáide** Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar: "**Saoire Cois Farraige**" mar atá léirithe sa phictiúr. **/34 marc**

- Níor mhór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-4 ón 34 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($34-4_t = 30$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta.

| Líon Focal | Pionós |
|---|---|
| 80-90 | 0 |
| 60-79 | - 2 |
| 30-59 | - 3 |
| <30 | - 4 |

- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a chur sa bhosca.
  **Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:**
  Insint faoin bpóstaer, dul ar saoire cois farraige, an lá; an dáta; an t-am, daoine eile a bhí ag an trá, daltaí bunscoile, scoláirí meánscoile, daoine fásta, picnic, bia, an aimsir, an fharraige, ag seoltóireacht, ag snámh, ag iascaireacht, ag imirt eitpheil, ag léamh, ag déanamh spraoi, an áit, comhartha, ag comhrá, tuairim faoin saoire, ar thaitin an saoire leat?, mar a mhothaigh tú nuair a bhí an saoire thart...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$

**Cruinneas Gaeilge**

- o Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 5(a) Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-4 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Nó**

## 5(b) Eachtra (45 marc)

- o Cumarsáid **/34**
- o Cruinneas **/ 11**
- o Tagairt **/-12**
- o Fad **/-4**

**Cumas Cumarsáide** Tasc → Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) in Iris na Scoile. **/34 marc**

- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. **Cúig** thagairt ag teastáil san iomlán. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-4) i gcás gach tagairt in easnamh. (34-$4_t$= 30)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta.
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

| Líon Focal | Pionós |
|---|---|
| 80-90 | 0 |
| 60-79 | - 2 |
| 30-59 | - 3 |
| <30 | - 4 |

**Cruinneas Gaeilge /11 mharc**

- o Tá **cúig** thagairt ag teastáil. Ceann do gach pictiúr ($T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$) agus aon tagairt amháin eile ($T_5$).

Pionós -5 i leith gach tagairt atá in easnamh a bhaint den 34 marc atá ar fáil don Chumarsáid anseo.

Marcáil an Chumarsáid as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (34, 30, 26, 22, nó 18).

| | | **Ceist 5(b) Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-4 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Glac leis na tagairtí seo a leanas**:

**Pictiúr 1**
Na déagóirí, ag siúl abhaile ón scoil; ag siúl faoin tuath, ag comhrá, Chonaic siad fir (beirt fhear), ag dumpáil bruscar, ar thaobh an bhóthair, conas a mhothaigh siad, an aimsir, ag dumpáil, bruscar, mála dubh, carr…


**Pictiúr 2**
Pictiúr, fón, ag caint, feargach, crosta, bagairt, uimhir an chairr...

**Pictiúr 3**
Fios ar an maor bruscair, thaispeáin dó pictiúr, uimhir an chairr, na fir, fianaise, d'inis an scéal dó...

**Pictiúr 4**
Sa chúirt, fíneáil throm, €300, breitheamh, fearg, sásta, ...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$

**N.B.:** Tá **marc breise** le cur leis an bpáipéar /45 de bharr na hathraithe a déanadh do 2022. Úsáid an réamh áirideoirí leis an marc breise sin a fháil.



**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

**Ceist 4(a) Fógra**
**Ceist 4(b) Litir**
**Ceist 5 (a) Cuntas**
**Ceist 5 (b) Eachtra**

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

**Cruinneas Gaeilge = 11 marc**

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

| | | **Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-4 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

## An Triail Chluastuisceana

### Ceist a hAon (Canúint Chonnacht)

Dia daoibh. Is mise Ailbhe Nic Fhlannchadha. Táim ocht mbliana déag d'aois agus táim ag déanamh Scrúduithe na hArdteistiméireachta i mbliana. Tá ceathrar againn sa teaghlach. Is garda é m'athair agus is múinteoir ceoil í mo mháthair. Tá mo dheartháir ag freastal ar Ollscoil na Gaillimhe faoi láthair agus tá sé ag déanamh staidéir ar an innealtóireacht. Ba mhaith liom féin a bheith i m'aisteoir amach anseo. Tá súil agam freastal ar choláiste aisteoireachta i mBaile Átha Cliath an bhliain seo chugainn. Táim ag aisteoireacht ó bhí mé seacht mbliana d'aois. Bhí páirt agam go minic i ndrámaí scoile, i ndrámaí áitiúla, agus bhí páirt bheag agam sa sobaldráma Ros na Rún ar TG4 an bhliain seo caite fiú amháin. Ba mhaith liom páirt a fháil i scannáin mhóra i gceann cúpla bliain. Ansin tá súil agam a bheith i m'aisteoir cáiliúil in Hollywood.

### Ceist a Dó (Canúint na Mumhan)

Dia daoibh. Seán Ó Súilleabháin is ainm dom. Is as Inis i gCo. an Chláir ó dhúchas dom, ach táim i mo chónaí i bPáras na Fraince faoi láthair. Is cathair iontach álainn í Páras. D'fhreastail mé ar Ollscoil Luimnigh agus bhain mé céim amach sa Ghnó agus sa Fhraincis ansin. D'oibrigh mé ar feadh bliana in ollmhargadh Aldi i gCorcaigh sular thug mé m'aghaidh ar Pháras. Faoi láthair táim ag obair mar mhúinteoir Béarla i meánscoil mhór anseo. Táim ag cur fúm in árasán beag, in aice le Túr Eiffel i lár na cathrach, le beirt chairde liom, Jack agus Chloé. Is innealtóir é Jack agus oibríonn Chloé san Oifig Fáilte. Is cathair mhór thurasóireachta í Páras agus bíonn na mílte cuairteoir anseo gach bliain chun na radhairc áille a fheiceáil, go háirithe músaem an Louvre, Pálás Versailles agus an Arc de Triomphe.

### Ceist a Trí (Canúint Uladh)

Ar an mbóthar…torann tráchta

**Bean:** Gabh mo leithscéal, ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil an tIonad Sláinte? Beidh mé ag tosú i bpost nua ann ar maidin ach is strainséir ar an bhaile seo mé agus chuaigh mé ar strae. Tá mé caillte anois!

**Fear:** Tá a fhios agam, cinnte. Tá an tIonad Sláinte thart ar chúig nóiméad ón áit seo. Coinnigh ort síos an bóthar seo, thar an óstán, agus tiocfaidh tú chomh fada le Stáisiún na nGardaí. Lean ort thar an droichead agus feicfidh tú an tIonad Sláinte díreach in aice leis an ollmhargadh. Ní ghlacfaidh sé ach cúig nóiméad ort.

**Bean:** Go raibh míle maith agat. Is mór an cuidiú sin.

**Fear:** Tá fáilte romhat. Go n-éirí leat i do phost nua.

**Ceist a Ceathair (Canúint Chonnacht)**

*Ar an tsráid…carr ag stopadh*

**Fear:** Dia duit, a bhean uasail. An bhféadfá cabhrú liom le do thoil. Táim ag iarraidh an siopa éadaí a aimsiú. Ceapaim go bhfuil sé anseo áit éigin.

**Bean:** Níl tú i bhfad uaidh in aon chor. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta agus cas ar dheis ansin. Téigh thar an siopa glasraí agus cas ar chlé. Tá an siopa éadaí ag barr an bhóthair sin ar thaobh na láimhe déise.

**Fear:** Ar dheis ag na soilse tráchta, thar an siopa glasraí agus ar chlé ansin. Suas go barr an bhóthair agus beidh sé ar thaobh na láimhe deise.

**Bean:** Sin é go díreach.

**Fear:** Go raibh míle maith agat. Slán.

**Ceist a Cúig (Canúint na Mumhan - bean)**

Agus anois an aimsir don deireadh seachtaine. Tá báisteach throm san iarthar faoi láthair agus scaipfidh an bháisteach throm sin soir trasna na tíre ar feadh an lae. Mar sin, beidh báisteach throm ann tráthnóna inniu i mBaile Átha Cliath nuair a bheidh an cheolchoirm mhór ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. Tiocfaidh feabhas ar an aimsir arís amárach. Beidh lá breá tirim agus grianmhar againn amárach ar fud formhór na tíre. Sroichfidh an teocht 22 céim Celsius ar an meán amárach ach sroichfidh an teocht is airde 28 céim Celsius in áiteanna, go háirithe sa deisceart. Beidh scamaill agus ceo sa tuaisceart agus dá bhrí sin ní bheidh an teocht i dtuaisceart na tíre ach thart ar 20 céim Celsius. Leanfaidh an aimsir bhreá go ceann cúpla lá ar a laghad.

**Ceist a Sé (Canúint Uladh)**

**Aisling:** Haigh, a Dhaid. Cad é mar atá tú?

**Daid:** Ó, in ainm Dé, a Aisling. Dúirt do Mham liom go bhfuair tú tatú. Níl sí sásta leat! Ná habair liom go bhfuil an ceart aici.

**Aisling:** Tá an ceart ar fad aici! Tatú de mhadra atá ann agus tá sé go hálainn. Fán go bhfeicfidh tú é!

**Daid:** Go bhfóire Dia orainn. Ní chreidim mo chluasa. Gheall tú dom nach bhfaighfeá tatú nuair a phléigh muid seo coicís ó shin. Tá fearg an domhain orm faoi seo. Tá mé ar buile leat! Ar cheannaigh tú na héadaí atá de dhíth ort don obair, agus an rothar nua a deir tú féin atá de dhíth ort go géar.

**Aisling:** Ach, a Dhaid, tá tatúnna ag go leor daoine na laethanta seo. Féach ar mo chairde. Tá tatú ag beagnach gach duine acu.

**Daid:** Thug mé na ceithre chéad euro duit le héadaí a cheannach, agus le rothar a fháil duit féin. Agus chaith tú an t-airgead ar thatú!

**Aisling:** Níor chosain an tatú ach €75. Cheannaigh mé an rothar nua sa siopa rothar inné. D'íoc mé €220 air. Cheannaigh mé na héadaí don obair ar líne agus fuair mé iad ar €90. Tá mé féin agus mo chairde ag dul go Baile Átha Cliath ag siopadóireacht an tseachtain seo chugainn. Dúirt m'aintín liom go dtabharfadh sí airgead dom!

**Daid**: €75 ar thatú! An ag magadh atá tú? Bheadh sé níos fearr an t-airgead sin a shábháil don bhliain seo chugainn nuair a bheidh tú ar an ollscoil. Labhróimid faoi seo arís, a chailín. Níl deireadh ráite agam faoi go fóill.


**Ceist a Seacht (Canúint Chonnacht)**

Ar an teileafón…

**Brian:** A Shíle, conas atá tú? Ní fhaca mé tú le seachtain anuas.
**Síle:** A Bhriain, táim ar fheabhas ar fad, go raibh maith agat. D'fhan mé sa bhaile ar feadh cúpla lá chun staidéar a dhéanamh do na scrúduithe.
**Brian:** Éist a Shíle, caithfidh tú sos a thógáil ón staidéar. Tá tú ródhian ort féin. An bhfuil aon phlean agat don deireadh seachtaine?
**Síle:** Beidh mé gnóthach i rith an deireadh seachtaine. Caithfidh mé staidéar a dhéanamh ar an Aoine. Ar an Satharn, beidh mo dheartháir fiche a haon bliain d'aois agus beidh an teaghlach ar fad ag bailiú le chéile i mbialann. Beidh cóisir bheag againn sa bhaile ina dhiaidh sin.
**Brian:** Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as sin, a Shíle. Ach an mbeidh tú saor Dé Domhnaigh?
**Síle:** Ní dóigh liom go mbeidh, faraor. Beidh mé ag imirt cluiche camógaíochta le mo chlub áitiúil anseo. Cluiche leathcheannais é! Ar mhaith leat a bheith i láthair chun tacú linn.
**Brian:** Ba bhreá liom, a Shíle, ach táim ag dul ag siúl sna sléibhte leis an gClub Óige Dé Domhnaigh.
**Síle:** Tabhair aire duit féin ar na sléibhte. Cogar, beidh mé saor an deireadh seachtaine ina dhiaidh sin. Chuala mé go mbeidh scannán nua ar taispeáint sa phictiúrlann!
**Brian:** Scannán eachtraíochta nó scannán ficsean eolaíochta nó scannán coiméide nó ...
**Síle:** Ní hea. Is scannán rómánsúil é, scéal grá den scoth, de réir cosúlachta. Tar liom, geallaim duit go mbainfidh tú taitneamh as.
**Brian:** Iontach, a Shíle. Rachaidh mé leat, cinnte.

**Ceist a hOcht (Canúint na Mumhan)**

**Caoimhe:** Cad a rinne tú le linn na Nollag i mbliana, a Riain?
**Rian:** Thaisteal mé go Chicago i Meiriceá le mo theaghlach, a Chaoimhe. Tá gaolta linn ina gcónaí in Chicago agus thug siad cuireadh dúinn dul ar cuairt chucu. Ní fhaca mé m'uncail ná mo chol ceathracha le fada an lá!
**Caoimhe:** Nach ort a bhí an t-ádh. Cén chaoi a raibh an aimsir in Chicago Mheiriceá?
**Rian:** Ó, a Chaoimhe, bhí an aimsir an-fhuar agus bhí sneachta gach áit. Tá Chicago suite in aice le loch mór, agus bhí gála gaoithe agus sneachta ag séideadh isteach den loch gach lá ach is beag suim a chuir mise san aimsir.
**Caoimhe:** Cén fáth é sin, a Riain? An é nach ndeachaigh tú amach áit ar bith?
**Rian:** Ní hea, muise, a Chaoimhe, bhí mé féin agus mo chol ceathracha ag siopadóireacht agus ag spaisteoireacht ar fud na háite gach lá. Tá an t-ionad siopadóireachta is mó dá bhfaca mé riamh in Chicago.
**Caoimhe:** Agus céard a cheannaigh tú ann, a Riain?
**Rian:** Bhuel, cheannaigh mé go leor leor rudaí. Cheannaigh mé bróga reatha nua, a lán t-léinte deasa agus cúpla húdaí gleoite ansin. Cheannaigh mé uaireadóir galánta mar bhronntanas do mo mháthair. Tá gach rud i bhfad níos saoire i Meiriceá ná mar atá sa tír seo. Níor chosain an t-uaireadóir ach tríocha dollar, an gcreidfeá é?
**Caoimhe:** An bhfuil tú cinnte nár cheannaigh tú rud ar bith eile?
**Rian:** Agus céard eile a cheannóinn, a Chaoimhe?
**Caoimhe:** Bronntanas do dhuine éigin eile, b'fhéidir?
**Rian:** Ná bí buartha, a Chaoimhe, nach bhfuil a fhios agat go maith gur cheannaigh mé bronntanas duitse freisin. Seo duit.

| Anótáil | | |
|---|---|---|
| | **Cur síos** | **Sainchiall** |
| ✔ | Tic | Pointe eolas |
|  | Líne ceartingearach | Leathanach feicithe |
|  | líne chothrománach | Eolas míchruinn/botúin |
| **T1** | Tagairt a haon | Tagairt a léiriú |
| **T2** | Tagairt a dó | Tagairt a léiriú |
| **T3** | Tagairt a trí | Tagairt a léiriú |
| **T4** | Tagairt a ceathair | Tagairt a léiriú |
| **T5** | Tagairt a cúig | Tagairt a léiriú |